An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 25 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**EUCO 7/21**

**CO EUR 4**
**CONCL 4**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (24 agus 25 Meitheamh 2021)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an cruinniú thuas.

# I. COVID-19

1. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an dul chun cinn maith atá déanta maidir le vacsaíniú agus an feabhas foriomlán atá tagtha ar an staid eipidéimeolaíoch, ach cuireann sí i bhfios go láidir san am céanna nach mór leanúint de na hiarrachtaí vacsaínithe agus a bheith san airdeall agus comhordaithe maidir le haon fhorbairtí a thiocfadh i gceist, go háirithe teacht chun cinn agus leathadh na n-athraitheacha.

2. A bhuíochas leis na comhaontuithe ar thángthas orthu faoi Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais agus faoi athbhreithniú an dá Mholadh ón gComhairle maidir le taisteal laistigh den Aontas agus taisteal neamhriachtanach isteach san Aontas, éascófar an taisteal sábháilte trasteorann. Cuirfidh na Ballstáit na comhaontuithe sin i bhfeidhm ar bhealach a áiritheoidh go bhfillfear go hiomlán ar an tsaorghluaiseacht a luaithe a cheadóidh staid na sláinte poiblí a leithéid.

3. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach tiomantas an Aontais don dlúthpháirtíocht idirnáisiúnta mar fhreagairt ar an bpaindéim. Ba cheart an obair leanúnach a thabhairt chun cinn go pras chun cuidiú le dlús a chur le táirgeadh domhanda na vacsaíní agus le rochtain uilíoch orthu, go háirithe trí bhíthin COVAX. Ba cheart do na tíortha táirgthe agus do na monaróirí uile a tháirgeann iad rannchuidiú go gníomhach leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh soláthar domhanda na vacsaíní COVID-19, na n-amhábhar, na gcóireálacha agus na teiripice a mhéadú, agus gníomhaíocht a chomhordú i gcás go mbíonn scrogaill soláthair nó dáileacháin ann.

4. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an cinneadh a glacadh ag an 74ú Comhthionól Domhanda Sláinte seisiún urghnách den Chomhthionól Domhanda Sláinte a chur ar bun i mí na Samhna 2021 i ndáil le Creat-Choinbhinsiún nua maidir le hUllmhacht agus Freagairt Phaindéimeach. Leanfaidh an tAontas den obair ionsar chonradh idirnáisiúnta ar phaindéimí a bhaint amach.

5. Rinne an Chomhairle Eorpach plé ar na chéadcheachtanna is féidir a fhoghlaim ón bpaindéim ar bhonn na tuarascála ón gCoimisiún. Iarrann sí ar an Uachtaránacht inteachta a cuid oibre a thabhairt chun cinn sa Chomhairle chun feabhas a chur ar an ullmhacht, cumas freagartha agus athléimneacht chomhchoiteann i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo agus chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chosaint.

## II. AN TÉARNAMH EACNAMAÍOCH

6. Rinne an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar staid na himeartha maidir le cur chun feidhme Next Generation EU. Is díol sásaimh di teacht i bhfeidhm tráthúil an Chinnidh maidir le hAcmhainní Dílse, rud a chuir ar chumas an Choimisiúin cromadh ar acmhainní a fháil ar iasacht do Next Generation EU ar mhaithe le tacú le téarnamh iomlán, cuimsitheach agus le haistriú glas agus aistriú digiteach an Aontais.

7. Molann an Chomhairle Eorpach don Choimisiún agus don Chomhairle an obair ar na Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta a thabhairt chun cinn d'fhonn iad a fhormheas ionas gur féidir leis na Ballstáit leas iomlán a bhaint as an bpoitéinseal a ghabhann leis an gcistiú atá ar fáil faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá sé na pleananna a chur chun feidhme go hiomlán agus go tráthúil agus leas airgeadais an Aontais a chosaint san am chéanna.

8. Ós amhlaidh atá, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach, i gcomhréir le Dearbhú Porto, príomhspriocanna sin an Aontais atá i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

9. Formhuiníonn an Chomhairle Eorpach an dréachtmholadh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro.

10. Tá an Chomhairle Eorpach ag tnúth le dul chun cinn pras maidir leis an athchóiriú domhanda ar an gcáin chorparáideach, ar bhonn comhthola, faoi chuimsiú G20/ECFE.

## III. AN IMIRCE

11. Phléigh an Chomhairle Eorpach staid na himirce feadh na mbealaí éagsúla. Bíodh is go bhfuil laghdú tagtha le blianta beaga anuas – de bharr na mbeart atá déanta ag an Aontas agus ag na Ballstáit – ar líon foriomlán na sreabh neamhrialta, is mór an chúis imní a bhfuil tarlaithe feadh roinnt de na bealaí sin agus ní mór dúinn bheith ar an airdeall i gcónaí agus gníomhú go beo.

12. Chun an bás a sheachaint agus an brú a bhíonn ar theorainneacha na hEorpa a laghdú, treiseofar na comhpháirtíochtaí comhthairbheacha agus an comhar le tíortha tionscnaimh agus idirthurais, mar chuid lárnach de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh. Cur chuige pragmatach, solúbtha, saincheaptha a bheidh i gceist, agus úsáid chomhordaithe á baint, mar Fhoireann na hEorpa, as gach ionstraim agus gach dreasacht dá bhfuil ar fáil don Aontas agus do na Ballstáit, i ndlúthchomhar le hOifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce. Leis an gcur chuige sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na bealaí ar fad chun na hEorpa agus ba cheart é a bheith bunaithe ar chur chuige an bhealaigh iomláin; ba cheart dul i ngleic ann le gach is bunchúis lena leithéid, tacú le dídeanaithe agus leo siúd a easáitíodh sa réigiún, acmhainneachtaí a fhothú le haghaidh bhainistiú na himirce, deireadh a chur leis an smuigleáil agus leis an ngáinneáil, an rialú teorann a threisiú, comhoibriú maidir le cuardach agus tarrtháil, aghaidh a thabhairt ar an imirce dhleathach agus na hinniúlachtaí náisiúnta á n-urramú ag an am céanna, agus a áirithiú go dtarlaíonn filleadh agus athligean isteach. Chuige sin, déanann an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas:

- iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, gníomhaíochtaí nithiúla a atreisiú láithreach i gcomhar leis na tíortha tosaíochta tionscnaimh agus idirthurais, agus tacaíocht inláimhsithe le haghaidh na dtíortha sin a atreisiú láithreach freisin;

- iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, pleananna gníomhaíochta a chur ar aghaidh i bhfómhar na bliana 2021 le haghaidh na dtíortha tosaíochta tionscnaimh agus idirthurais, agus cuspóirí soiléire, tuilleadh bearta tacaíochta, agus amlínte nithiúla á gcur in iúl;

- iarrann sí ar an gCoimisiún an leas is fearr dár féidir a bhaint as méid nach lú ná 10 % d’imchlúdach airgeadais NDICI, agus as an gcistiú a thugtar do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an imirce faoi ionstraimí ábhartha eile, agus tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle faoi mhí na Samhna maidir lena bhfuil ar intinn aige i dtaca leis an méid sin.

13. Cáineann an Chomhairle Eorpach aon iarracht dá ndéanann tríú tíortha imircigh a dhúshaothrú chun críoch polaitiúil, agus diúltaíonn sí dó sin.

## IV. AN TUIRC

14. Tharraing an Chomhairle Eorpach anuas arís an staid reatha sa Mheánmhuir Thoir agus caidreamh an Aontais leis an Tuirc agus meabhraíodh di gurb é leas straitéiseach an Aontais timpeallacht chobhsaí shlán a bheith sa Mheánmhuir Thoir agus caidreamh comhoibritheach, comhthairbheach a fhorbairt leis an Tuirc. Is díol sásaimh di an dígheárú sa Mheánmhuir Thoir, dígheárú is gá a choinneáil ag imeacht i gcomhréir leis an ráiteas ó Chomhaltaí na Comhairle Eorpaí an 25 Márta 2021.

15. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil an tAontas ar tinneall le teanntás a dhéanamh ar an Tuirc ar bhealach céimnithe, comhréireach, in-aisiompaithe chun an comhar a fheabhsú i roinnt réimsí dar leas coiteann, faoi réir na gcoinníollachtaí seanbhunaithe a leagadh amach i mí an Mhárta agus i gconclúidí eile ón gComhairle Eorpach a glacadh san am a caitheadh.

16. I gcomhréir leis an gcreat seo, tugann sí dá haire gur cuireadh tús leis an obair ar an leibhéal teicniúil i dtreo sainordú chun an tAontas Custaim idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc a nuachóiriú agus meabhraítear di nach mór aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí atá ann faoi láthair maidir le cur chun feidhme an Aontais Custaim sin agus a áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm go héifeachtach é maidir le gach Ballstát. Féadfar sainordú den sórt sin a ghlacadh ag an gComhairle ach a bheith faoi réir treoir bhreise ón gComhairle Eorpach.

17. Tugann sí dá haire freisin an obair ullmhúcháin atá ar siúl ar mhaithe le hidirphlé ardleibhéil a chur ar bun leis an Tuirc maidir le saincheisteanna dar leas frithpháirteach, amhail an imirce, an tsláinte phoiblí, an aeráid, an fhrithsceimhlitheoireacht agus saincheisteanna réigiúnacha.

18. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún tograí foirmiúla a chur chun cinn gan mhoill maidir le leanúint de mhaoiniú a thabhairt do dhídeanaithe ón tSiria agus do na pobail óstacha sa Tuirc, san Iordáin, sa Liobáin agus in áiteanna eile sa réigiún, i gcomhréir leis an ráiteas a rinne comhaltaí na Comhairle Eorpaí i mí an Mhárta 2021 agus i gcomhthéacs bheartas imirce foriomlán an Aontais.

19. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach na conclúidí ón gComhairle Eorpach a glacadh san am a caitheadh agus is dá lántiomantas anois agus feasta réiteach cuimsitheach a aimsiú ar fhadhb na Cipire ar bhonn cónaidhm débhardasach, déchriosach ina bhfuil comhionannas polaitiúil, i gcomhréir le rúin ábhartha de chuid Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá stádas Varosha agus iarrann sí go ndéanfaí Rúin 550, 789 agus 1251 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a urramú go hiomlán. Is oth léi nár éirigh leis an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ar siúl sa Ghinéiv faoi choimirce na Náisiún Aontaithe an ród a réiteach chun tús a chur an athuair leis an gcaibidlíocht fhoirmiúil. Leanfaidh an tAontas Eorpach de ról gníomhach a bheith aige de thaca leis an bpróiseas sin.

20. Is mór an t-ábhar imní don Aontas fós an smacht reachta agus cearta bunúsacha sa Tuirc. Is mór an buille do chearta an duine an tsúil shlaodta atáthar a choinneáil ar pháirtithe polaitiúla, ar chosantóirí chearta an duine agus ar na meáin agus tagann an méid sin salach ar oibleagáidí na Tuirce maidir le hurraim a thabhairt don daonlathas, don smacht reachta agus do chearta na mban. Tá an t-idirphlé maidir leis na saincheisteanna sin fós ina chuid lárnach den chaidreamh idir an tAontas agus an Tuirc.

21. I gcomhréir leis an leas coiteann atá ag an Aontas agus ag an Tuirc go mbeadh idir shíocháin agus chobhsaíocht ina réigiún, tá an Chomhairle Eorpach ag súil go rannchuideoidh an Tuirc agus gach gníomhaí eile go dearfach chun géarchéimeanna sa réigiún a réiteach.

22. Coinneoidh an Chomhairle Eorpach an t-ábhar seo faoi bhreithniú.

## V. <u>AN LIBIA</u>

23. Is mian leis an gComhairle Eorpach a lántiomantas do phróiseas cobhsúcháin na Libia faoi choimirce na Náisiún Aontaithe a dheimhniú. Ba cheart toghcháin a reáchtáil mar a comhaontaíodh sa Treochlár an 24 Nollaig 2021 agus ba cheart do gach duine glacadh leis na torthaí a ghabhann leo.

24. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí dul chun cinn maidir leis an idirphlé polaitiúil cuimsitheach, ar leis an Libia féin é, agus go dtarraingeofaí siar na fórsaí eachtracha agus na hamhais uile gan mhoill.

## VI. AN RÚIS

25. I gcomhréir leis na conclúidí uaithi an 24 agus an 25 Bealtaine 2021, phléigh an Chomhairle Eorpach an caidreamh leis an Rúis, agus an tuarascáil ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún á cur san áireamh aici.

26. Tá an tAontas Eorpach tiomanta do chur chuige aontaithe, fadtéarmach, straitéiseach Eorpach bunaithe ar na cúig threoirphrionsabal. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle, ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí leanúint de na treoirphrionsabail a chur chun feidhme go hiomlán, agus aird chuí á tabhairt ar luachanna, prionsabail agus leasanna an Aontais Eorpaigh.

27. Tá an Chomhairle Eorpach ag súil go léireoidh ceannaireacht na Rúise rannpháirtíocht agus tiomantas polaitiúil níos cuidithí agus go gcuirfidh sí deireadh le gníomhaíochtaí i gcoinne an Aontais agus na mBallstát, agus i gcoinne tríú tíortha chomh maith.

28. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Rúis freagracht a ghlacadh go hiomlán as cur chun feidhme iomlán chomhaontuithe Mhionsc a áirithiú mar an príomhchoinníoll le haghaidh aon athrú suntasach ar sheasamh an Aontais.

29. Maidir leis an athléimneacht atá ionainn a neartú, cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir gur gá freagairt láidir chomhordaithe ón Aontas agus óna Bhallstáit ar aon ghníomhaíocht mhailíseach, neamhdhleathach, shuaiteach bhreise a dhéanfadh an Rúis, agus leas iomlán á bhaint as na hionstraimí uile atá ar fáil don Aontas, agus comhordú á áirithiú leis na comhpháirtithe. Chuige sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí roghanna a chur i láthair maidir le bearta sriantacha breise, lena n-áirítear smachtbhannaí eacnamaíocha.

30. Cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir gur gá na naisc pholaitiúla, eacnamaíocha agus idirphearsanta agus an comhar le Comhpháirtithe an Oirthir a dhoimhniú agus a threisiú a thuilleadh d'fhonn a gcuid athléimneachta a mhéadú. Sa chomhthéacs sin, meabhraítear di Dearbhú Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir 2017 ina n-admhaítear mianta na hEorpa agus a rogha Comhpháirtithe an Oirthir lena mbaineann, mar a luaitear sna Comhaontuithe Comhlachais, agus i gcomhthéacs a dteacht i bhfeidhm. Cuireann sí i dtreis freisin a tiomantas an caidreamh leis an Áise Láir a dhoimhniú.

31. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil an tAontas Eorpach oscailte don rannpháirtíocht roghnaitheach leis an Rúis i réimsí a bhaineann le leas an Aontais. Iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí roghanna nithiúla lena n-áirítear coinníollachtaí agus giaráil a fhorbairt i ndáil leis an méid sin, d’fhonn go ndéanfaidh an Chomhairle a marana orthu, maidir le hábhair amhail an aeráid agus an comhshaol, sláinte, chomh maith le saincheisteanna áirithe maidir leis an mbeartas eachtrach agus slándála agus saincheisteanna iltaobhacha amhail an Plean Cuimsitheach Comhpháirteach Gníomhaíochta (JCPOA), an tSiria agus an Libia. Sa chomhthéacs sin, fiosróidh an Chomhairle Eorpach formáidí agus coinníollachtaí an idirphlé leis an Rúis.

32. Cáineann an Chomhairle Eorpach na srianta atá ar shaoirsí bunúsacha sa Rúis agus an laghdú atá ag teacht ar an spás don tsochaí shibhialta. Cuireann sí i bhfios go láidir an gá atá le teagmháil idirphearsanta agus le tacaíocht leanúnach ón Aontas do shochaí shibhialta na Rúise, d’eagraíochtaí um chearta an duine agus do na meáin neamhspleácha. Iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí tograí a chur ar aghaidh i ndáil leis an méid sin.

33. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn sí go hiomlán leis na hiarrachtaí uile chun an fhírinne, an ceartas agus an chuntasacht a bhunú d’íospartaigh thurnamh eitilt MH17 agus dá neasghaol agus iarrann sí ar na Stáit uile comhoibriú go hiomlán leis an gcás dlíthiúil leanúnach.

34. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an tsaincheist sin, déanfaidh sí measúnú ar an gcur chun feidhme agus tabharfaidh sí treoir bhreise de réir mar is gá.

## VII. <u>AN BHEALARÚIS</u>

35. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach cur chun feidhme tráthúil na mbeart maidir leis an mBealarúis, i gcomhréir lena conclúidí an 24-25 Bealtaine 2021.

36. Iarrann an Chomhairle Eorpach an athuair go saorfaí láithreach gach príosúnach polaitiúil agus gach duine atá á choinneáil go treallach, lena n-áirítear Raman Pratasevich agus Sofia Sapega, agus go gcuirfí deireadh leis an gcur faoi chois atáthar a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar na meáin neamhspleácha. Athdhearbhaíonn sí ceart daonlathach mhuintir na Bealarúise a n-uachtarán a thoghadh trí shaorthoghcháin chóra nua.

## VIII. AN tSAIHEIL

37. Iarrann an Chomhairle Eorpach an athuair ar údaráis idirthréimhseacha Mhailí an Chairt Idirthréimhseach a chur chun feidhme go hiomlán. Is díol sásaimh di na conclúidí ó chruinniú mullaigh ECOWAS a tionóladh an 19 Meitheamh.

38. Leanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit de thacú le cobhsú thíortha G5 na Saiheile, go háirithe Fórsa Comhpháirteach G5 na Saiheile, trí leanúint de mhisin CBSC an Aontais agus rannpháirtíocht i dTascfhórsa Takuba.

39. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn an tAontas le hiarrachtaí thíortha G5 na Saiheile an rialachas, an smacht reatha, agus soláthar seirbhísí poiblí a neartú ina gcríocha.

## IX. AN AETÓIP

40. Cáineann an Chomhairle Eorpach na hainghníomhartha leanúnacha, an foréigean eitneach agus gnéasach, agus na sáruithe eile ar chearta an duine i réigiún Tigray na hAetóipe agus is díol sásaimh di na himscrúduithe leanúnacha atá ar bun chun cuntasacht agus ceartas a bhaint amach. Iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí deireadh láithreach leis an gcogaíocht, go mbeadh rochtain gan bhac ag lucht daonnúil ar na limistéir uile, agus go dtarraingeofaí fórsaí na hEiritré siar láithreach bonn.

41. Athdhearbhaíonn an tAontas agus na Ballstáit a dtiomantas tacú leis an Aetóip agus athchóirithe daonlathacha agus iarrachtaí athmhuintearais á gcur chun feidhme acu.

## X. AN CHIBEARSHLÁNDÁIL

42. Cáineann an Chomhairle na cibirghníomhaíochtaí mailíseacha a rinneadh le déanaí i gcoinne na mBallstát, Éire agus an Pholainn san áireamh. Iarrann sí ar an gComhairle bearta iomchuí a fhiosrú faoi chuimsiú bosca uirlisí na cibearthaidhleoireachta.

°

° °

*Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle Eorpach le hArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, António Guterres.*